North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉARCATT 2 (14) JC

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# AN NAOÚ CRUINNIÚ IOMLÁNACH DÉAG

# ARD MHACHA

# 5 NOLLAIG 2014

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an Naoú Cruinniú Iománach Déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in Ard Mhacha ar 5 Nollaig 2014.

2. Bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Peter Robinson CTR, agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness CTR. Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Enda Kenny TD. Bhí an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ina gcathaoirligh ar an chruinniú. Tá liosta iomlán de bhaill an dá thoscaireacht faoi iamh mar Iarscríbhinn.

3. Nótáil an Chomhairle, i ndiaidh do na hAirí machnamh a dhéanamh ar thuarascáil faoin fhéidearthacht comhthairiscint a chur isteach le bheith ina n-óstach ar Chorn Domhanda Rugbaí 2023, gur aontaíodh go dtacófaí le tairiscint Chumann Rugbaí na hÉireann (CRÉ). Phléigh an Chomhairle na tairbhí féideartha don dá dhlínse as óstáil a leithéid seo d'ócáid agus aontaíodh gur chóir do na hAirí ábhartha oibriú go dlúth lena chéile le cinntiú go gcuirfí an tairiscint is láidre isteach.

4. Nótáil an Chomhairle fosta an staid ar na Tosaíochtaí Earnála agus ar an North West Gateway Initiative agus d'aontaigh sí na hábhair seo a choinneáil ar a clár oibre.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS AGUS EACNAMAÍOCHTA

5. Pléadh cúrsaí eacnamaíochta agus buiséid sa dá dhlínse. Phléigh an Chomhairle geilleagair an dá dhlínse agus d'fháiltigh siad i gcoitinne roimh na comharthaí dearfacha cé gur aithin sí go gcaithfeadh an dá Rialtas comhoibriú go fóill leis na dálaí a bheadh riachtanach le fás eacnamaíochta a chruthú. Pléadh fógra déanach Shansailéir Státchiste na Ríochta Aontaithe ar Cháin Chorparáideach fosta.

6. Rinne an dá Rialtas machnamh ar a rath faoi seach infheistíocht sheachtrach a mhealladh cé gur aithin siad go raibh príomhról ag comhlachtaí dúchasacha áitiúla i bhforbairt eacnamaíochta. Aithníodh na deiseanna le comhoibriú lena chéile ar na Cómhisin Trádála agus ar mhargaí nua a fhorbairt.

## DEISEANNA CISTITHE AN AE

7. Nótáil Airí go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag déanamh machnaimh faoi láthair ar na dréacht-Chláir PEACE agus INTERREG a cuireadh chucu agus táthar ag súil go seolfar na Cláir dheireanacha in Earrach 2015.

8. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chomhphlé leanúnach idir Airí ar chruinnithe CATT faoi fhéidearthacht an chomhoibrithe le cistithe an AE a tharraingt anuas agus nótáil sí go raibh rannpháirtíocht ghníomhach idir an dá dhlínse ar na deiseanna atá ar fáil. Bhí an Chomhairle ag súil leis an chéad tuarascáil eile ar dhul chun cinn ar an chéad chruinniú eile.

## COSAINT LEANAÍ AGUS R-SHÁBHÁILTEACHT

9. Phléigh an Chomhairle cúrsaí Chosaint Leanaí go domhain le fócas ar leith ar r-Shábháilteacht agus nótáil sí go raibh comhoibriú maith á dhéanamh ar Chosaint Leanaí cheana féin, laistigh de struchtúir CATT agus in áiteanna eile

10. D'aithin Airí go raibh na saincheisteanna seo leathan agus trasdhlínsiúil agus go mbeadh comhoibriú de dhíth le tabhairt fúthu.

11. D'aontaigh an Chomhairle gur chóir go gcomhoibreodh Airí a bhfuil sainchúram acu i gCosaint Leanaí agus i ngníomhaíochtaí bainteach le R-Shábháilteacht lena gcomhairí sa dlínse eile leis an fhéidearthacht ar níos mó comhoibrithe a scrúdú. Aontaíodh fosta gur chóir go bpléifí an topaic seo arís ar chruinniú amach anseo.

## TUARASCÁIL NA gCOMHRÚNAITHE AR DHUL CHUN CINN

12. Nótáil an Chomhairle an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn a d'ullmhaigh Comhrúnaithe CATT ar obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus i réimsí CATT eile le haghaidh comhoibrithe agus chuir sí fáilte roimh na heochair-fhorbairtí seo a leanas:-

   - Tá comhoibriú á dhéanamh go fóill ar Thosaíochtaí Straitéiseacha Iompair ar fud an oileáin a aithint, forbairt na ngréasán straitéiseach bóithre agus iompair inbhuanaithe san áireamh. Tá deiseanna á scrúdú chun cistiú ón

Aontas Eorpach a fháil ar bhealach chomhthairbhiúil a thabharfaidh tacaíocht d'fhorbairt na nGlasbhealaí trasteorann;

- Tá dul chun cinn á dhéanamh go fóill maidir le forbairt dhá straitéis nua chun féinbhás a chosc a bheidh mar chomharbaí ar na straitéisí *Reach Out* agus *Protect Life.* Thug an dá dhlínse gealltanas go roinnfeadh siad eolas a d'eascródh ó fheachtais feasachta na meán agus phoiblí ar mheabhair-shláinte;

- Sheol Institiúid Ospíse agus Cúraim Mhaolaithigh uile-Éireann a suíomh idirlín do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus bhí an chéad seachtain Chúraim Mhaolaithigh uile-oileánda ann ó 6-11 Deireadh Fómhair agus an aidhm a bhí aici, níos mó tuisceana ar chúram mhaolaitheach a spreagadh;

- Tá an dá rialtas ag iarraidh cead ón Choimisiún Eorpach dá gCláir Forbartha Tuaithe 2014 – 2020 faoi seach;

- Ag a gcruinniú ar 22 Deireadh Fómhair 2014, fuair Airí comhchur i láthair ar chomhoibriú trasteorann idir na Ranna ar thearcghnóthachtáil oideachais. Bhí fócas an chuir i láthair ar an Chomhcheardlann a bhí i mBaile Átha Cliath ar 8 Deireadh Fómhair 2014. Déanfar obair anois chun teacht ar bhealach le tabhairt faoi mhíbhuntáiste oideachais trí eispéaras scoileanna a roinnt ar fud an oileáin;

- Bronnadh an conradh i mí Feabhra 2014 do staidéar taighde chaighdeán an aeir uile-oileánda ar cheist an truaillithe aeriompartha mar gheall ar dhóchan breoslaí soladacha, go háirithe gual toiteach, agus tá machnamh á dhéanamh ag oifigigh ar thuarascáil eatramhach agus cuirfear faoi bhráid na nAirí í roimh i bhfad. Tosóidh an dara céim agus an chéim dheireanach den staidéar roimh dheireadh na bliana;

- Spreagann an dá Roinn Fiontar agus InterTradeIreland comhoibriú Thuaidh Theas i dTaighde agus Nuálaíocht go fóill chun tarraingt anuas cistithe a mhéadú. I measc na ngníomhartha tábhachtacha a rinneadh bhí foilsiú Eolaí Horizon 2020 InterTradeIreland, comhdháil *Collaborate to Innovate* a bhí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar na mallaibh, agus seoladh an Phlean Gnímh Straitéisigh chomhaontaithe a d'ullmhaigh an Grúpa Stiúrtha uile-oileánda Horizon 2020;

- Cuireadh na dréacht-Chláir PEACE IV agus INTERREG VA (2014-2020) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar 22 Meán Fómhair 2014, de réir an spriocdháta rialála. Bhain na Cláir an chéim idirbheartaíochta amach anois agus táthar ag súil go seolfar na Cláir chríochnaitheacha in Earrach 2015;

- Tá *safe*food ag forbairt Fiontar Bia Pobail go fóill agus bhain an measúnú ar an chéad bhliain de na 10 tionscadal reatha an tátal as go raibh siad ag dul chun cinn go maith. Chríochnaigh *safefood* réimse tuarascálacha agus suirbhéanna taighde sna míonna déanacha fosta;

- Leanann Gníomhaireacht na Lochanna ar aghaidh obair a dhéanamh ar mhargaíocht agus ar chur chun cinn Cheantar an Fheabhail agus Cheantar

Chairlinn trí thurasóireacht mhara, slatiascaireacht agus cláir oideachais agus for-rochtana a fhorbairt;

- Cuidíonn Foras na Gaeilge le cur i bhfeidhm socraíochtaí nua cistithe go fóill, comhaontú plean straitéisigh ardleibhéil iomláin nua san áireamh chomh maith le pleananna trí bliana do gach ceann de na sé réimse straitéiseacha;

- Osclaíodh Ionad Discover Ulster-Scots nua ar 27 Samhain ag Mol Albanais Uladh sa Corn Exchange i mBéal Feirste. Oibríonn an t-ionad seo le roinnt páirtnéirí le deis an chomhoibrithe laistigh d'earnáil Albanais Uladh a uasmhéadú a thaispeánfaidh cultúr Albanais Uladh ar bhealach nua-aimseartha don ghnáthphobal;

- D'fhorbair Uiscebhealaí Éireann an *Shannon Blueway*, an chéad Ghormbhealach in Éirinn (cosán ilghníomhaíochta a shíníonn le taobh uisce) idir Droim Seanbhó agus Cora Droma Rúisc i gCo. Liatroma i gcomhar le hOifig na gCosán Náisiúnta, Canoeing Ireland, Comhairle Contae Liatroma agus Leitrim Tourism. Bíonn an Comhlacht ag plé fós le heagrais ábhartha, thuaidh agus theas, a bhfuil suim acu i níos mó forbartha ar na Gormbhealaí nó ar na Glasbhealaí, agus i scrúdú deiseanna a d'fhéadfadh bheith ann le cistiú a fháil ón Aontas Eorpach; agus

- D'fhógair Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann Scéim Víosa na Breataine-na hÉireann ar 6 Deireadh Fómhair 2014. Faoin chéad chéim den scéim beidh Indiaigh agus Sínigh ábalta cuairt a thabhairt ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn ag úsáid aon víosa amháin. Cuirfidh sé sin deireadh leis an ghá leo siúd a bheidh ag iarraidh cuairt a thabhairt ar Thuaisceart Éireann, iarratas a chur isteach le víosa eile a fháil le taisteal trasna na teorann, agus a mhalairt de dhóigh. Táthar ag súil go gcuirfidh an scéim go mór leis an líon cuairteoirí gnó agus saoire a thabharfaidh cuairt ar an oileán. [Foinse???]

## FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN THUAIDH THEAS

13. Nótáil airí an staid reatha ar an Fhóram Comhairliúcháin Thuaidh Theas.

## CRUINNITHE CATT AMACH ANSEO

14. D'fhaomh an Chomhairle sceideal chruinnithe CATT a mhol an Chomhrúnaíocht, ar a n-áirítear cruinniú institiúideach CATT go luath in 2015 agus an chéad chruinniú Iomlánach CATT eile go luath i Samhradh 2015.

**An Chomhrúnaíocht**
**5 Nollaig 2014**

## IARSCRÍBHINN A

## CRUINNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS
## ARD MHACHA – 5 NOLLAIG 2014

| **Feidhmeannas Thuaisceart Éireann** | **Rialtas na hÉireann** |
|---|---|
| An Ró-Onórach Peter Robinson CTR<br>Céad-Aire | Enda Kenny TD<br>Taoiseach |
| Martin McGuinness CTR<br>LeasChéad-Aire | Joan Burton TD<br>Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí |
| Mark Durkan CTR<br>Aire Comhshaoil | Brendan Howlin TD<br>Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Stephen Farry CTR<br>Aire Fostaíochta agus Foghlama | Richard Bruton TD<br>Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| David Ford CTR<br>Aire Dlí agus Cirt | Frances Fitzgerald TD<br>Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Simon Hamilton CTR<br>Aire Airgeadais agus Pearsanra | James Reilly TD<br>Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| Danny Kennedy CTR<br>Aire Forbartha Réigiúnaí | Leo Varadkar TD<br>Aire Sláinte |
| Carál Ní Chuilín CTR<br>Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta | Charlie Flanagan TD<br>Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |
| John O'Dowd CTR<br>Aire Oideachais | Jan O'Sullivan TD<br>Aire Oideachais agus Scileanna |
| Michelle O'Neill CTR<br>Aire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe | Alex White TD<br>Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| Mervyn Storey CTR<br>Aire Forbartha Sóisialaí | Paschal Donohoe TD<br>Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| Jim Wells CTR<br>Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí | Heather Humphreys TD<br>Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| Jonathan Bell CTR<br>Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire | Gerald Nash TD<br>Aire Stáit le freagracht air maidir le Gnó agus Fostaíocht, le freagracht speisialta air maidir le gnónna beaga, cómhargáil agus coimisiún pá ísil |
| Jennifer McCann CTR<br>Aire Sóisearach, Oifig an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire | Sean Sherlock TD<br>Aire Stáit le freagracht speisialta air maidir le COF, Cur Chun Cinn Trádala agus Comhoibriú Thuaidh Theas |
| | Simon Harris TD<br>Aire Stáit le freagracht speisialta air maidir le OOP, Soláthar Poiblí agus Baincéireacht Idirnáisiúnta |